

A mhná, guileam tre Ghlais Áir

[Thomas F. O’Rahilly: *Measgra Dánta* II, poem 58]

Tuileagna Ó Maolchonaire

1 A mhná, guileam tre Ghlais Áir,
is tugam ar dtreas ’na dhiaidh;
combáidh ghuil is déanta dhúin,
’s créachta an dúin gan luibh gan liaigh.

2 Och, ochán! adhbha na sluagh
’na bhfaghbhadh gach bochtán biadh;
níor bh’fhiú cách a cur ar gcúl;
ag gul fán dún go bráth biam.

3 Binneas is eól gach re n-uair
san tigh-sin ar dtós do-chínn;
é mar tá is damhna dár ndeoir;
mór lá leóin tarla dár dtír.

4 Do b’ é mo ghrádh bheith san bhruigh,
ní badh slán mé ó nach mar;
is é fá liaigh dom lionn dubh;
bun ’s cionn gan dul ’na dhiaidh dhamh.

5 San teach nduasbhog gan díoth lóin
do bhíodh cead cuarta ag gach cléir,
’s gan triall tar ais, dá madh áil,
ó Ghlais Áir ina bhfiadh féin.

6 Do bhíodh ag laochraidh san lios,
gur traothadh ar dtír a-nos,
súgh i gcuachaibh gan ghlas,
’s luachair ghlas go caol a gcos.

7 Minic fá meanmnach mic ríogh
san tigh-sin tarla fá bhrón;
mímheanmnach a-nocht, mo nuar!
port na sluagh míndealbhach mór.

8 Sí riamh ag dula ós gach dún,
mar do bhiadh umha fá ór;
do Ghlais Áir do beanadh bríogh;
táir, fa-ríor, gach meadhar mhór.

9 Bhar n-aithne is ceard deacair dún;
dar leam do leagadh do sheól;
más tú an baile ’na mbínn riamh,
caidhe an chliar do chínn ná an ceól?

10 Atá agam iongnadh nua,
go gcaithfeam, dá liobhra lá,
gan triall ó thoil re n-ar ló
don toigh dár mó ar mian, a mhná!